Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2017
(OR. en)

9978/1/17
REV 1

SAN 235

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9519/17 SAN 209 |
| Ábhar: | **Cruinniú a bhí ag an gComhairle Fostaíochta, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí ar an 16 Meitheamh 2017**<br>Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Comhar Deonach faoi stiúir na mBallstát a spreagadh idir na Córais Sláinte atá acu<br>- Glacadh |

1. Ar an 31 Bealtaine, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle dá dtagraítear thuas agus bheartaigh sé go gcuirfí faoi bhráid na Comhairle (EPSCO) chun go nglacfar iad ag an gcruinniú a bheidh aici ar an 16 Meitheamh 2017.

2. Idir an dá linn, chuir toscaireacht na Gearmáine ráiteas a leagtar amach in aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo isteach.

3. Mar sin, iarrtar ar an gComhairle na dréachtchonclúidí a ghlacadh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo iad agus iad a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le**
**Comhar Deonach faoi stiúir na mBallstát a spreagadh idir na Córais Sláinte atá acu**

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

1. MEABHRAÍONN SÍ DI go ndéanfar ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais faoi Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; go ndíreofar gníomhaíochtaí an Aontais, lena gcomhlánófar beartais náisiunta, ar an tsláinte phoiblí a fheabhsú; go spreagfaidh an tAontas comhar idir na Ballstáit i réimse na sláinte poiblí agus, más gá, go dtacóidh an tAontas lena ngníomhaíocht féin, agus go n-urramóidh gníomhaíocht an Aontais go hiomlán freagrachtaí na mBallstát maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus maidir le heagrú agus le seachadadh seirbhísí sláinte agus seirbhísí cúram leighis agus, chomh maith leis sin, maidir leis na hacmhainní a shanntar dóibh a chionroinnt orthu.

2. MEABHRAÍONN SÍ go dtabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit, faoi Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus lánurraim fhrithpháirteach acu ar a chéile, cúnamh dá chéile agus iad i mbun cúraimí a chinneann ó na Conarthaí, agus sin uile de bhun phrionsabal an chomhair dhílis.

3. MEABHRAÍONN SÍ an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le córais sláinte éifeachtacha, inrochtaine agus athléimneacha[1] ina gcuirtear béim ar an mbreisluach a bheidh ann do na Ballstáit comhar a neartú tuilleadh.

4. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus cúram sláinte,[2] a glacadh ar an 20 Meitheamh 2014.

---

[1] 8997/14 - COM (2014) 2015 final.
[2] IO C 217, 10.7.2014, lch. 2.

5. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i lucht saothair sláinte na hEorpa don todhchaí: Raon feidhme don nuálaíocht agus comhar[3], a glacadh an 7 Nollaig 2010.

6. MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise Sláinte AE[4] a glacadh an 10 Meitheamh 2008, ina sainítear *inter alia* an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí ar an Leibhéal Sinsearach mar fhóram chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna straitéiseacha coiteanna móra don tsláinte agus ar chomhar straitéiseach idir na Ballstáit.

7. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcothromaíocht a neartú sna córais chógaisíochta san Aontas Eorpach agus ina chuid Ballstát[5] a glacadh ar an 17 Meitheamh 2016.

8. MEABHRAÍONN SÍ an Moladh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht i réimse na ngalar neamhchoitianta,[6] a glacadh an 9 Meitheamh 2009.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Rochtain ar Chógais Leighis[7], a glacadh an 14 Feabhra 2017.

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go spreagtar comhar deonach idir na Ballstáit d'fhonn leanúnachas agus gníomhaíochtaí inbhuanaithe agus éifeachtacha a áirithiú, agus chun an tionchar a bheidh ag na tionscnaimh um chomhar a uasmhéadú.

11. MEABHRAÍONN SÍ an Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmiú chearta na n-othar i gcúram sláinte trasteorann[8], go háirithe Caibidil IV di a bhaineann le comhar sa chúram sláinte.

---

[3] IO C 74, 8.3.2011, lch. 2.
[4] 16139/08.
[5] IO C 269, 23.7.2016, lch. 31.
[6] IO C 151, 3.7.2009, lch. 7.
[7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Márta 2017 maidir le roghanna AE i ndáil le feabhas a chur ar an rochtain ar chógais – 2016/2057(INI).
[8] Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm, pointe (1) d'Airteagal 3 (IO L 88, 4.4.2011, lch 45).

12. Agus Í Á ATHDHEARBHÚ go bhfuil an tsláinte luachmhar inti féin, MEASANN SÍ go bhfuil sochar sóisialta níos leithne ná sláinte an duine a chosaint á sheachadadh ag na córais sláinte agus go ndéanann siad a gcion i ndáil le comhtháthú sóisialta, le ceartas sóisialta agus leis an bhfás eacnamaíoch.

13. MEASANN SÍ gur féidir torthaí níos fearr a thabhairt d'othair agus do ghairmithe cúraim sláinte agus éifeachtúlacht na gcóras sláinte a mhéadú tríd an gcomhar Eorpach a neartú i réimsí áirithe.

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gciallaíonn 'teicneolaíocht na sláinte' táirge íocshláinte, feiste leighis, gnáthaimh liachta agus mháinliachta chomh maith le bearta chun fáthmheas a dhéanamh ar ghalar a chosc nó aon chóireáil a úsáidtear i réimse an chúraim sláinte[9].

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuimsítear leis an tagairt anseo don téarma 'rochtain ar theicneolaíocht na sláinte' coincheapa níos forleithne sna próisis soláthair freisin, ar coincheapa iad a chuimsíonn bailiú agus comhroinnt faisnéise, ceannach agus faireachán iarsholáthair, chomh maith le praghsáil agus le haisíocaíocht. Tá an téarma seo gan dochar do chur chun feidhme Threoir 2014/24/AE an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí[10] agus Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist[11].

16. GO MEASANN SÍ go bhfuil cáilíocht chúram na n-othar chomh maith le cáilíocht an lucht saothair sláinte an-tábhachtach d'fhonn ardchaighdeán an chúraim a áirithiú. Is féidir aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa lucht saothair sláinte dhomhanda, agus ar ganntanais iad a imríonn tionchar tromchúiseach ar chumas thromlach na mBallstát, go háirithe iad siúd i lár agus in Oirthear na hEorpa, ar bhealach níos éifeachtaí trí chomhar deonach a mhéadú agus trí fheabhas a chur ar infhaighteacht na scileanna agus na n-acmhainní trasna an Aontais Eorpaigh.

---

9 Pointe (l) d'Airteagal 3 de Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

10 Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE , (IO L 94, 28.3.2014, lch 65).

11 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch 243).

17. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart go mbeadh aon chomhar a bhaineann le hinniúlachtaí na mBallstát i ndáil lena gcórais sláinte go heisiach á stiúradh ag an mBallstát agus ar bhonn deonach.

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh comhar deonach idir na córais sláinte struchtúir sholúbtha a sholáthar agus iad oiriúnaithe de réir riachtanais shonracha na mBallstát rannpháirteach agus go bhféadfadh go mbeadh gá le húsáid a bhaint as ionstraimí a shainmhíneodh na Ballstáit sin.

19. CUIREANN SÍ SAN ÁIREAMH na difríochtaí idir na córais sláinte agus go bhféadfaí leas agus tairbhe a bhaint as cleachtais nuálacha atá bunaithe ar fhianaise a scaipeadh go tapa agus go héifeachtúil.

20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí leas a bhaint as comhar deonach chun cothromaíocht a áirithiú maidir le rochtain, cáilíocht, inacmhainneacht agus inbhuanaitheacht na gcóras sláinte nuair a théitear i ngleic leis na dúshláin agus leis saintréithe sonracha atá ag teacht chun tosaigh ar an margadh don chúram sláinte maidir le nuálaíochtaí teireapacha agus cógas leighis pearsantaithe a fhorbairt, go háirithe maidir le galair neamhchoitianta.

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt Ballstát i mbun samhlacha trasteorann agus réigiúnacha cheana maidir le comhar deonach chun feabhas a chur ar an rochtain atá ar theicneolaíochtaí na sláinte agus go bhféadfaí ceachtanna a foghlaim ón taithí sin.

22. MEASANN SÍ go bhfuil comhar deonach chun feabhas a chur ar an rochtain atá ar theicneolaíochtaí na sláinte go hiomlán i gcomhréir le luachanna agus prionsabail choiteanna na hEorpa.

23. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh cuir chuige éagsúla a bheith ag teastáil mar gheall ar athruithe i dteicneolaíocht na sláinte agus iompraíocht an mhargaidh chun feabhas a chur ar an rochtain ar theicneolaíochtaí na sláinte le hais na nósanna a leanadh san am a chuaigh thart, *inter alia* trí chomhar deonach.

24. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-éileamh ó roinnt Ballstát maidir le comhar deonach méadaithe eatarthu, d'fhonn feabhas a chur ar an rochtain atá ar theicneolaíochtaí na sláinte,
lena n-áirítear:

- trédhearcacht a fheabhsú trí fhaisnéis a chomhroinnt ar bhealach níos fearr;

- foghlaim thrastíre a éascú trí thaithí a roinnt;

- cumhacht mhargála a neartú, go háirithe i gcás margaí beaga, trí chomhiomlánú deonach éilimh;

- rochtain ar theicneolaíochtaí na sláinte a áirithiú trí mhalartú trasteorann faisnéise agus táirgí atá gann go háirithe i gcásanna éigeandála.

25. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaineann soláthar cúraim sláinte an-speisialaithe le fáthmheas, cóireáil agus/nó bainistiú ríochtaí sláinte casta a bhfuil costais arda ag baint leo, agus nach bhféadann ach amháin gairmithe cúraim sláinte cuí-oilte atá ag obair laistigh de lárionaid saineolais an cúram sin a sholáthar, agus go gcruthaítear dá réir sin dúshláin shonracha do lucht saothair sláinte.

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtugtar deis leis na líonraí tagartha Eorpacha (ERNanna), nuair a fhorbrófar go hiomlán iad, le fothú acmhainní ar fud na hEorpa i ndáil le seirbhísí sláinte speisialaithe a sholáthar, go háirithe i réimse na ngalar neamhchoitianta chun cáilíocht chúraim, scaipeadh eolais agus cleachtais nuálacha a áirithiú.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

27. Trí fhaisnéis a mhalartú laistigh de na fóraim sláinte ábhartha atá ann cheana, réimsí ábhar tosaíochta agus próisis chuí a fhiosrú chun comhar deonach atá á stiúradh ag na Ballstáit a fhorbairt, mar bhealach chun éifeachtacht, inrochtaineacht agus athléimneacht a gcóras sláinte a mhéadú, agus chun próisis tosaíochta agus catagóirí táirgí a shainaithint a bhféadfaí luach a bheith i gceist leis an gcomhar deonach ina leith, idir córais sláinte na mBallstát éagsúil, mar bhealach chun inacmhainneacht níos mó agus rochtain níos fearr ar theicneolaíochtaí na sláinte a áirithiú.

Sa phlé sin féadfar an méid a leanas a dhéanamh:

a) Na fachtóirí a thacaíonn leis an gcomhar deonach, agus a chuireann bac air, a fhiosrú chun rochtain ar theicneolaíochtaí na sláinte a fheabhsú, sa chomhthéacs gur inniúlacht de chuid na mBallstát í an tsláinte;

b) Creataí dea-chleachtais le haghaidh comhar trasteorann agus réigiúnach a shainaithint chun rochtain ar an nuálaíocht a fheabhsú, i gcás na mBallstát sin atá toilteanach cur chuige den sórt sin a fhorbairt;

c) Réitigh a fhiosrú chun éifeachtacht an chomhair a mhéadú agus na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann ar rochtain a thuar ar bhealach níos fearr, mar thoradh ar theicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear trí rannchuidiú gníomhach le scanadh ionchais comhpháirteach;

d) Sásraí chun faisnéis a chomhroinnt go deonach sa chéim iarmhargaidh a fhiosrú, d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí, lena n-áirítear an tionchar ar othair agus ar chórais sláinte, a thagann as teicneolaíochtaí nuálacha don tsláinte a ghlacadh;

e) Faisnéis a chomhroinnt maidir leis na critéir agus próisis a úsáideann Ballstáit le haghaidh dí-infheistiú i dteicneolaíochtaí don tsláinte nach bhfuil costéifeachtach a thuilleadh;

f) Meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le cur chun feidhme rochtain fheabhsaithe ar chóireáil d'othair ar a bhfuil galar neamhchoitianta agus pian ainsealach, agus an gá le cothromaíocht idir nuálaíocht, infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht a choinneáil á aithint ag an am céanna;

g) Fiosrú a dhéanamh ar réimsí i dtiomsú sonraí trasteorann deonach agus prionsabail chomhchoiteanna maidir le bailiú sonraí a fhorbairt i gcomhréir leis an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí[12], a chuirfeadh breisluach ar fáil agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ina n-iomláine ag an am céanna[13].

---

12 Rialachán 95/2016/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

13 Conclúidí ón gComhairle maidir le cógas leighis pearsantaithe do na hothair a glacadh ar an 7 Nollaig 2015 (IO C 421, 17.12.2015, lch. 2).

28. Réimsí a shainaithint ina a bhféadfaí comhar deonach a bheith ann i measc na mBallstát chun lucht saothair sláinte sna Ballstáit atá páirteach a neartú agus a fheabhsú, d’fhonn an méid a leanas a dhéanamh:

a) Deiseanna agus sásraí le haghaidh comhar deonach a fhiosrú chun aistriú eolais agus scileanna a fheabhsú agus chun acmhainneacht lucht saothair sláinte a fhorbairt tuilleadh;

b) Taithí dhoiciméadaithe an phobail ó thaobh comhar deonach i réimse an chúraim sláinte an-speisialaithe a úsáid chun bonn eolais a thabhairt do bheartais ar an macraileibhéal;

c) Comhar deonach i ndáil le cleachtais earcaithe eiticiúla a chur chun cinn;

d) Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghiniúint fianaise maidir le hinaistritheacht cleachtas nuálach lena n-áirítear comhar deonach trí shoghluaisteacht struchtúrtha i seirbhísí an-speisialaithe, mar uirlis chun seirbhísí nuálacha ar ardchaighdeán a scaipeadh.

29. I bhfianaise na gcleachtas éagsúil faisnéise laistigh de mhargadh na cógaisíochta agus ag aithint di an sochar a d’fhéadfadh teacht as faisnéis a mhalartú idir Ballstáit maidir le beartais praghsála agus aisíocaíochta náisiúnta, faisnéis a chomhroinnt níos mó ná riamh i ndáil le agus laistigh de chomhaontuithe a bhaineann le táirgí íocshláinte ar bhonn deonach, d’fhonn trédhearcacht a mhéadú agus giaráil na mBallstát a fheabhsú sa chaibidlíocht le lucht tionscail agus - dá bhrí sin - inacmhainneacht na dtáirgí sin ar fud an Aontais a fheabhsú.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

30. Sealbhú scileanna nuálacha agus speisialaithe le haghaidh gairmithe bunaithe chomh maith le hoiliúnaithe iarchéime trí chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí i leith comhar deonach idir eagraíochtaí cúraim sláinte lena ndírítear ar thorthaí níos fearr d’othair a chur chun cinn, leanúnachas cúraim agus lucht saothair sláinte a neartú.

31. Na Líonraí Tagartha Eorpacha a spreagadh chun na cuspóirí a bheartaigh siad maidir le rochtain níos fearr a thabhairt d'othair ar gá leo cúram sláinte an-speisialaithe a bhaint amach, ar bhealach go ndéanfar bacainní ar rochtain a shárú agus míchothromaíochtaí idir saoránaigh na hEorpa a laghdú. Áirítear sa mhéid sin:

a) ullmhacht agus cumas do líonraí tagartha Eorpacha ról a ghlacadh san oiliúint an-speisialaithe agus san fhorbairt leanúnach ghairmiúil do ghairmithe sláinte a mheasúnú, go háirithe tríd an ríomhfhoghlaim, ríomhoiliúint agus malartuithe gearrthéarmacha chun cur le cumas lucht saothair sláinte trí sholáthraithe cúraim sláinte ERN chun a saineolas a fhorbairt chun othair a dhiagnóisiú, a chóireáil agus aire a thabhairt dóibh;

b) Machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun taighde nuálach ar ghalair neamhchoitianta a spreagadh trí líonraí tagartha Eorpacha, fianaise maidir le héifeachtacht na dteicneolaíochtaí nuálacha a chomhthiomsú agus sonraí inchomparáide, iontaofa a ghabháil ó chlárlanna othar idir-inoibritheacha, chomh maith le faisnéis ábhartha eile.

32. Cur chun feidhme treoirthionscadal le haghaidh soghluaisteacht ghairmiúil dheonach trasteorann a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh mar mhodh chun taithí agus cumas a fhorbairt i ndáil le soláthar seirbhísí nuálacha, an-speisialaithe, i gcomhar le geallsealbhóirí, trí chur leis na deiseanna a thugtar trí struchtúir atá ann cheana.

33. Machnamh a dhéanamh ar bheart mapála a dhéanamh agus ar thuairisciú ar ghníomhaíochtaí deonacha náisiúnta agus ar chomhar deonach ar leibhéal Eorpach idir Ballstáit i réimse na ngalar neamhchoitianta d'fhonn malartú dea-chleachtas a chur chun cinn.

34. Scrúdú a dhéanamh ar thoradh na hanailíse fianaise-bunaithe ar thionchar na ndreasachtaí i ndáil le nuálaíocht, infhaighteacht, inrochtaineacht agus ar inacmhainneacht táirgí íocshláinte, lena n-áirítear drugaí dílleachta.

35. Machnamh a dhéanamh ar mholtaí, dea-chleachtais agus torthaí bunaithe ar an obair a rinneadh i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha ábhartha de chuid an Aontais agus i meithleacha saineolaithe a chur san áireamh ar bhonn deonach agus na torthaí a scaipeadh ar leibhéil éagsúla ar fud an chórais sláinte.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

36. Measúnú ar riachtanais, malartú agus comhar maidir le hoiliúint iarchéime trasteorann agus forbairt ghairmiúil leanúnach i réimse na seirbhísí nuálacha, an-speisialaithe a éascú. I ndáil leis sin, féadfar gur doiciméad luachmhar é, agus a bhféadfaí cur leis, mapáil na forbartha gairmiúla leanúnaí san Aontas Eorpach (2014)[14] i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na heagraíochtaí geallsealbhóirí ábhartha ar an leibhéal Eorpach.

37. Má iarrann na Ballstáit amhlaidh, tar éis an mheasúnaithe riachtanais dá dtagraítear i mír 36 thuas a chur isteach, machnamh a dhéanamh ar na ceanglais le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus cur chun feidhme na roghanna.

37. An Chomhairle a chur ar an eolas maidir leis an staid ag a bhfuil cur chun feidhme an mholta ón gComhairle an 8 Meitheamh 2009 i ndáil le gníomhaíocht i réimse na ngalar neamhchoitianta agus maidir leis an obair leantach ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Samhain 2008 maidir le galair neamhchoitianta.[15]

---

[14] https://ec.europa.eu/health/sites/health/files/workforce/docs/cpd_mapping_report_en.pdf

[15] 15775/08 - COM (2008) 679 final.